Fóram Leas-Sealbhóirí an Rialálaí Carthanas

Dáta: 6 Samhain 2023
Láthair: An Rialálaí Carthanas, Duga Sheoirse, Baile Átha Cliath 1, agus go fíorúil.

Tionóladh an dara cruinniú de chuid Fhóram Leas-Sealbhóirí an Rialálaí Carthanas an 6 Samhain 2023. Scaipeadh clár oibre roimh an gcruinniú.

An t-eolas is deireanaí ón Rialálaí Carthanas

- Thug Madeleine Delaney (Stiúrthóir Gnóthaí Dlí agus Clárúcháin) faisnéis ghairid ar an Aonad Gnóthaí Dlí agus Clárúcháin agus ar a chuid oibre. Thug sí an t-eolas is deireanaí do na comhaltaí ar ghníomhaíocht leanúnach agus ar ghníomhaíocht bheartaithe freisin, lena n-áirítear tionscnaimh atá ceaptha chun simpliú a dhéanamh ar an dóigh a ndéanann carthanais caidreamh leis an Rialálaí Carthanas ar nithe éagsúla, lena n-áirítear athruithe a bheartaíonn carthanais a dhéanamh ar a ndoiciméad rialaithe. Tá treoir nuashonraithe maidir le cad is carthanas ann á forbairt faoi láthair, agus tá treoir maidir le hainm carthanais a athrú i measc na dtopaicí a chumhdófar sa bhliain 2024.

- Thug Thomas Mulholland (Stiúrthóir um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú) an t-eolas is deireanaí ar chomhlíonadh tuairiscithe bhliantúil don bhliain 2023 agus ar chlár spriocdhírithe comhlíonta atá ar siúl faoi láthair agus a bhaineann le carthanais agus iontaobhaithe carthanais a bhfuil a dTuarascáil Bhliantúil amuigh le tréimhse fhada anuas. Dheimhnigh sé go bhféadfadh ionchúiseamh agus/nó baint den Chlár Carthanas a bheith i measc na ngníomhartha forfheidhmiúcháin dóibh sin nach mbaineann comhlíonadh amach.

- Thug Geraldine McCarthy (Ceann um Chumarsáid agus Caidreamh le Leas-Sealbhóirí) an t-eolas is deireanaí don fhóram ar thionscnaimh chumarsáide agus ar nuashonruithe ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas. Ag eascairt as aiseolas a fuarthas ó chruinniú tionscnaimh an fhóraim, dheimhnigh sí go gcruthófaí ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas sa bhliain 2024 rannán tiomnaithe ina mbeadh faisnéis agus treoir maidir le calaois a chosc.

An treoir ón Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais

Mar fhreagra ar aiseolas a fuarthas ó chomhaltaí den fhóram leas-sealbhóirí, dheimhnigh an Rialálaí Carthanas go leanfadh sé le hathbhreithniú a dhéanamh ar an treoir uaidh d'iontaobhaithe carthanais sa bhliain 2024 chun cur lena sho-aimsithe agus lena shothuigthe atá sí agus go sainaithneodh sé freisin réimsí arbh fhiú treoir nua nó bhreise a eisiúint ina leith. Tharraing sé aird ar na réimsí tosaíochta lena n-athbhreithniú sa bhliain 2024, lena n-áirítear treoir maidir leis an gCód

Rialachais do Charthanais agus treoir maidir leis an ról atá ag iontaobhaithe agus na freagrachtaí atá orthu. D’iarr sé moltaí agus aiseolas ó na comhaltaí den fhóram maidir le topaicí arbh fhiú treoir bhreise nó athbhreithnithe a eisiúint ina leith. Áiríodh leis na réimsí ar tarraingíodh aird orthu lena mbreithniú tuilleadh teimpléad féilire comhlíonta a fhorbairt do charthanais, na dúshláin atá roimh charthanais nach bhfuil aon fhostaithe acu, agus tuilleadh cás-staidéar a fhorbairt.

Cruinnithe sa bhliain 2024

Aibreán 2024
Deireadh Fómhair 2024